Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**10941/23**
**COR 2**

**Comhad Idirinstitiúdeach:**
**2023/0180 (NLE)**

**ACP 65**
**WTO 93**
**RELEX 763**
**COAFR 211**
**FDI 13**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Comhaontú um infheistíocht inbhuanaithe a éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla |

Cuirfear an leathanach atá i gceangal leis seo in ionad leathanach EU/AO/ga 40.

AIRTEAGAL 38

Eadráin

1. Féachfaidh na Páirtithe le teacht ar chomhaontú maidir le comhdhéanamh an phainéil eadrána. Mura dtiocfar ar chomhaontú den sórt sin laistigh de 30 lá tar éis glacadh leis an iarraidh ar eadráin de bhun Airteagal 37(4), ceapfaidh gach Páirtí eadránaí laistigh de 30 lá eile.

Déanfaidh na headránaithe arna gceapadh ag na Páirtithe cathaoirleach an phainéil a cheapadh go comhpháirteach, agus ní bheidh náisiúntacht ceachtar Páirtí aige.

2. Déanfaidh an painéal eadrána measúnú oibiachtúil ar an ábhar os a chomhair. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, cinnfidh an painéal eadrána na rialacha nós imeachta is infheidhme.

3. Má chinneann an painéal eadrána nach bhfuil an beart atá i gceist i gcomhréir le forálacha an Chomhaontuithe seo, déanfaidh an Páirtí a ndearnadh an gearán ina choinne aon bheart is gá chun é féin a thabhairt i gcomhréir go pras.

4. I gcás inar dhiúltaigh an Páirtí ar ina leith a rinneadh an iarraidh ar eadráin don iarraidh ar eadráin, nó i gcás neamhchomhlíonadh na tuarascála ón bpainéal, féadfaidh an Páirtí a d’iarr an eadráin bearta a ghlacadh laistigh de raon feidhme an Chomhaontaithe seo atá comhréireach leis an mainneachtain na hoibleagáidí sonracha a chomhlíonadh.